| |
|---|
| **Tuairisc Aontaithe ó chruinniú an Bhoird ar Dhéardaoin an 12ú Nollaig 2024 ag 7:00 i.n. Seo a leanas an tuairisc chomhaontaithe ón gcruinniú sin.** *The following is the agreed report from the Board of Management meeting onThursday, the 12th of December 2024 at 7:00pm.* |
| 1. Rinne Stiofán rún chomhbhrón le Fiontán agus Pauline ar chailliúnt a mac Senan; le Múinteoir Máire R.6 ar bhás a huncail Dermot; Gó ndéana Dia trócaire ar a n-anamnacha dilís. *The Board of Management expressed their condolences to Fiontán and Pauline on the loss of their son Senan and Múinteoir Máire R.6 on the death of her uncle Dermot. May their gentle souls rest in peace.* |
| 2. Mhol an Bord Bainistíochta Coiste na dTuismitheoirí as a n-iarrachtaí tiomsaithe airgid maidir le Siulóid na Spúcaí agus Aonach Na Nollag. *The Board of Management commended the Parents Committee for their fund-raising efforts in relation to Siúlóid na Spúcaí and Aonach na Nollag* |
| 3. Mhol an Bord Bainistíochta an fhoireann go léir as a ndiograis ag ullmhú na bpáistí ar ardchaighdeán do Cheolchoirm na Nollag sa TF an tseachtain seo caite agus a gcuid oibre i rith an téarma seo.*The Board of Management praised all staff for their diligence in preparing the children for the Christmas Concert held in the TF last week and for their work this term. Ní neart go cur le chéile.* |
| *4.* Chuir an Bord Bainistíochta fáilte roimh Máire Ní Dhuibhghiolla atá ag feidhmiú mar ionadaí na múinteoirí in áit Martina Ní Mhurchú. *The Board of management welcomed Maire Ní Dhuibhghiolla a acting teacher representative in place of Martina Ní Mhurchú.* |
| 5. Tá Gaelscoil Raifteirí ar cheann de dhá scoil in Éirinn a roghnaítear chun páirt a ghlacadh i dTionscnaimh an Aonad Oideachais Comhshaoil Eorpach leis an Taisce ar a dtugtar "Little Green Fingers. Le linn an dá bhliain amach romhainn, scríobhfaidh Múinteoir Michelle, Múinteoir Audrey agus múinteoirí Eorpacha eile curaclam ghearr do pháistí idir 4-8 mbliana d'aois bunaithe ar smaointeoireacht chruthaitheach agus ar fhoghlaim lasmuigh. Mhol an Bord Bainistíochta an bheirt mhúinteoirí as a rannpháirtíocht sa tionscnamh. *Gaelscoil Raifteirí is one of two Irish school chosen to participate in the Environmental Education Unit - an Taisce European initiative called "Little Green Fingers. Over two years a short curriculum will be written by Múinteoir Michelle, Múinteoir Audrey and other European teachers for children 4-8 years based on creative thinking and outdoor learning. The Management Board praised the two teachers involved in the initiative.* |
| 6. Rinne an Bord Bainistíocht rún comhghairdeachas le Juliette Nic Suibhne R.2 a ghnóthaigh an dara háit agus €30 dí féin i gComórtas Posteair Bailte Slachtmhara Caisleán an Bharraigh i measc 1,000 iarrthóirí i scoileanna sa cheantar. *The Board of Management congratulated Juliette Nic Suibhne R.2 who won second place and €30 in the Tidy Towns Castlebar Poster Competition among 1,000 candidates in the Castlebar area.* |
| 7. Cuireadh an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi na nósanna imeachta nua Frithbhulaíochta Bí Cineálta a thiocfaidh i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2025. Beidh dúnadh leathlae i rith scoilbhliana 24/25 chun oiliúint foirne a éascú. *The Board of Management were made aware of the new Bí Cineálta Anti Bullying procedures that will come into effect from September 2025. There will be a half day closure during the 24/25 school year to facilitiate staff training.* |
| 8. Rinne an Bord Bainistíochta rún chomhghairdeas leis an scoil as aitheantas speisialta a thuill an scoil agus dearbhán Elverys ar luach €100 in éineacht le dhá scoil eile sa cheantar [Coláiste Dhaibhéid agus St. Anthonys], ag ócáid céiliúraithe Bailte Slachtmhara Caisleán an Bharraigh i Garbos ar an 5ú Nollaig. Thuill an scoil plaic don iarracht ar leith atá ar siúl acu timpeallacht glan, glas agus tarraingteach a choimeád.*The Board of Management congratulated the school for receiving special recognition and a €100 Elverys voucher with alongside two schools in the town [Coláiste Dhaibhid and St. Anthonys], at Castlebar Tidy Town's 30th anniversary celebration in Garbos on December 5th. Gaelscoil Raifteirí received a plaque also for the school effort in maintaining a clean, green and attractive environment.* |
| 9. Mhol an Bord Bainistíochta obair an phríomhoide, na múinteoirí, agus na bpáistí as a dtiomantais leanúnach chun réimsí na Folláine agus ETIM a fhorbairt tríd na scoile.*The Board of Management praised the ongoing efforts of principal, teachers and children for their commitment to developing the areas of Wellbeing and STEM throughout the school.* |
| 10. Mhol an Bord Bainistíocht Erin Ni Choscraigh N.Mhóra a ghnóthaigh an dara háit agus dearbhan Totally Toys ar luach €20 as an bpictuir a dhathaigh sí i comórtas ealáíne Mc Graths Waste Ltd. i Mí na Samhna. *Te BoM praised Erin Ni Choscraigh Naí.Mhóra for winning 2nd place and a €20 Totally Toys voucher for her entry in Mc Graths Waste Ltd. art competition in November.* |

11. Rinne an Bord Bainistíochta rún comhghairdeachas le Múinteoir Martina agus Mick ar bhreith a mac óg Edward; le Múinteoir Fiona agus Brian ar bhreith a mhic óg Diarmuid agus Ollie agus le Múinteoir Caitríona agus Tom ar bhreith a n-iníon óg Éaladh le déanaí. *The Board of Management congratulated Múinteoir Martina and Mick on the birth of their young son Edward; Múinteoir Fiona and Brian on the birth of their sons Diarmuid and Ollie and Múinteoir Caitríona and Tom on the birth of their daughter Éaladh recently.*

Dáta an chéad Cruinniú Boird eile le socrú - Date for the next board meeting is to be confirmed.

*********************************************************************************************